RIALACHÁN (AE) 2021/375 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Feabhra 2021

lena mbunaítear cosc iascach le haghaidh troisc i limistéir 1 agus 2b i gcás soithí a bhfuil bratach Bhallstát áirithe ar foluain acu

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Aontais d'fhonn comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle ([2]) cuótaí le haghaidh 2021.

(2) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún, tá an cuóta a chionroinntear ar "na Ballstáit eile" le haghaidh 2021 ídithe ag gabhálacha an stoic trosc i limistéir 1 agus 2b a rinne soithí a bhfuil bratach Bhallstát áirithe ar foluain acu nó atá cláraithe sna Ballstáit sin.

(3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí áirithe iascaireachta a bhaineann leis an stoc sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ídiú cuótaí

Maidir leis an gcuóta iascaireachta a chionroinntear le haghaidh 2021 ar na Ballstáit atá ag iascaireacht faoin gcuóta "Ballstáit eile" le haghaidh an stoic trosc i limistéir 1 agus 2b dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar é a bheith ídithe ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Toirmisc

Cuirfear toirmeasc, ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a bhaineann leis an stoc dá dtagraítear in Airteagal 1, ar gníomhaíochtaí iad a dhéanann soithí a bhfuil bratach na mBallstát atá ag iascaireacht faoin gcuóta "Ballstáit eile" ar foluain acu nó atá cláraithe sna Ballstáit atá ag iascaireacht faoin gcuóta "Ballstáit eile". Go háirithe, beidh toirmeasc ar éisc, ón stoc sin a ghabh na soithí sin, a choinneáil ar bord, a athlonnú, a thrasloingsiú, nó a thabhairt i dtír tar éis an dáta sin.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Virginijus SINKEVIČIUS
Comhalta den Choimisiún

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 31, 29.1.2021, lch. 31).

IARSCRÍBHINN

Uimh.	01/TQ/92
An Ballstát	Na Ballstáit atá ag iascaireacht faoin gcuóta “Ballstáit eile”
Stoc	COD/1/2B_AMS
Speiceas	An trosc (*Gadus morhua*)
Limistéar	1 agus 2b
Dáta coiscthe	21.1.2021 ar 00.00 UTC